# Forbairt Drámaíochta

# Cúla4

# 2026

## An dáta deiridh d'iarratais: 16:00 an 31 Lúnasa 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

**SRAITH 10 CLÁR**

Le craoladh: Cúla4, Cúla4.com agus Seinnteoir TG4

**Lucht Féachana:** 11–13 bliana d'aois

**Fad:** 10 x 25 nóiméad, chomh maith le heilimintí ilardáin

## Céard atá uainn?

Tá lucht féachana 11–13 bliana d'aois ag súil le drámaíocht atá uaillmhianach, siamsúil agus ábhartha dóibh féin – scéalta a léiríonn a saol, a gcairdis, a ndúshláin agus a n-uaillmhianta, agus carachtair agus domhan ar mian leo filleadh orthu.

Tá Cúla4 sa tóir ar an gcéad mhórshraith eile a dhéanfaidh sin – sraith a mbeidh daoine óga ag caint fúithi ar scoil an lá dár gcionn, ag fanacht go fonnmhar leis an gcéad chlár eile agus ag iarraidh filleadh ar an domhan céanna sin séasúr i ndiaidh séasúir. Sraith a sheasfaidh leis an drámaíocht is fearr atá á léiriú do dhaoine óga ar na hardáin sruthaithe idirnáisiúnta.

Ba mhaith linn go léireodh an tsraith saol comhaimseartha daoine óga i bpobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ar bhealach atá fírinneach, dearfach agus siamsúil agus ina bhfuil an Ghaeilge fite fuaite go nádúrtha sa domhan, sna carachtair agus sa scéalaíocht.

Is é an aidhm atá leis an tionscnamh seo infheistíocht fhadtéarmach a dhéanamh i bhforbairt na drámaíochta Gaeilge do dhaoine óga agus bunchloch a leagan síos do chéad mhórshraith eile Cúla4. Táimid ag lorg sraithe a mbeifear ábalta cur léi thar roinnt blianta agus a bheidh ina cuid lárnach de sheirbhís Cúla4 amach anseo.

Ba cheart go mbeadh domhan saibhir agus inbhuanaithe drámaíochta i gcroílár na sraithe - domhan a spreagann scéalta go nádúrtha ó shéasúr go séasúr, a mbeifear ábalta carachtair nua a chur leis agus a ligeann do na príomhcharachtair fás agus athrú le himeacht ama.

Táimid ag lorg sraithe a bheidh in ann a bheith san iomaíocht leis an ábhar idirnáisiúnta is fearr atá ann don aoisghrúpa seo agus ag an am céanna léargas úr, sainiúil agus barántúil a thabhairt ar shaol daoine óga trí mheán na Gaeilge. Is é an aidhm atá againn sraith a chruthú a roghnóidh daoine óga mar gheall ar chaighdeán na scéalaíochta agus na gcarachtar

## An Fhís Eagarthóireachta

Táimid ag lorg sraithe a bheidh uaillmhianach ó thaobh na cruthaitheachta, na scríbhneoireachta, na gcarachtar agus an léirithe de. Ba cheart don tsraith:

- A bheith bunaithe ar scéalaíocht den chéad scoth, le carachtair inchreidte, iltréitheacha agus tarraingteacha a mbeidh fonn ar an lucht féachana 11–13 bliana d’aois a scéalta a leanúint;
- Léargas a thabhairt ar shaol, caidrimh, dúshláin agus eispéiris daoine óga i bpobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ar bhealach atá barántúil, comhaimseartha agus ábhartha;
- Léargas a thabhairt ar éagsúlacht na bpobal, na gcúlraí agus na n-eispéireas atá le fáil i saol na Gaeilge agus na Gaeltachta sa lá atá inniu ann;
- Gaeilge nádúrtha, shaibhir agus chomhaimseartha a úsáid a luíonn leis na carachtair, an suíomh agus an scéal;
- A bheith fuinniúil, siamsúil agus lán de ghreann nuair is cuí, ach gan aon eagla a bheith ann dul i ngleic le mothúcháin agus téamaí níos doimhne nuair a éilíonn an scéal é (ach iad a bheith oiriúnach do lucht féachana 11/12)
- bunaithe ar théamaí uilíocha a bheidh ábhartha do lucht féachana na Gaeilge agus níos faide i gcéin.

Ní hé príomhchuspóir na sraithe ceachtanna a mhúineadh ná teachtaireachtaí sóisialta a chur chun cinn. Ba cheart don tsraith a bheith dírithe i gcónaí ar an tsiamsaíocht, scéalaíocht láidir agus carachtair mhealltacha.

Ba cheart go mbeadh uaillmhian chruthaitheach agus fhísiúil ag baint leis an tsraith freisin, le caighdeán léirithe atá in ann dul san iomaíocht leis an ábhar idirnáisiúnta is fearr don aoisghrúpa seo agus a chuirfidh leis an tuiscint gur féidir drámaíocht den chéad scoth a chruthú trí mheán na Gaeilge.

## Cad ba cheart don tsraith a léiriú?

Ba cheart go léireodh an tsraith fís chruthaitheach láidir agus shainiúil agus go dtabharfadh sí muinín dúinn go bhféadfaí í a fhorbairt le bheith ina sraith fadtéarmach a mbeidh an lucht féachana ag filleadh uirthi séasúr i ndiaidh séasúir. Ba cheart don tsraith:

- A bheith bunaithe ar bhunphrionsabal láidir a chruthóidh domhan drámaíochta saibhir agus inchreidte a spreagann scéalta go nádúrtha ó shéasúr go séasúr;
- príomhcharachtair mhealltacha a bheith aici a bhfuil doimhneacht, greann agus castacht ag baint leo, agus a dtiocfaidh forbairt shuntasach orthu le himeacht ama;
- Snáithe scéil láidir a bheith aici do Shéasúr 1 agus acmhainn shoiléir chruthaitheach a bheith ag dul léi do shéasúir amach anseo;
- luas, fuinneamh agus ton a bheith aici atá oiriúnach do lucht féachana 11–13 bliana d'aois;
- cur chuige físiúil uaillmhianach a bheith aici a neartaíonn an scéalaíocht agus a chruthaíonn féiniúlacht shainiúil don tsraith.

Ní mór scríbhneoirí Gaeilge a bheith lárnach i bhforbairt na sraithe ón tús. Ba cheart don bunchoincheap, na carachtair agus na scripteanna a bheith fréamhaithe sa Ghaeilge ón tús agus go ndéanfaí iad a fhorbairt go nádúrtha trí mheán na Gaeilge. Táthar ag súil go léireoidh an tsraith tuiscint bharántúil ar shaol na Gaeltachta agus ar phobal na Gaeilge, agus go mbeidh an Ghaeilge ina cuid nádúrtha den scéalaíocht, de ghuth na gcarachtar agus den domhan ina maireann siad.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh smaointeoireacht ilardáin mar chuid den bhunchoincheap ón tús. Ba cheart go leathnódh an tsraith go nádúrtha thar Cúla4, Seinnteoir TG4 agus ardáin dhigiteacha eile, trí ábhar a shaibhreodh saol agus carachtair na sraithe agus a chuirfeadh leis an eispéireas féachana.

Moltar d'iarratasóirí machnamh a dhéanamh freisin ar dheiseanna cómhaoinithe agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear Fuaim & Fís, ILBF, Fís Éireann agus foinsí maoinithe eile in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, chun uaillmhian agus inmharthanacht na sraithe a chinntiú.

## Cad ba cheart a bheith san iarratas?

Chun cabhrú linn measúnú iomlán a dhéanamh ar gach iarratas, ní mór na nithe seo a leanas a chur isteach:

- **Achoimre Ghearr** (50–75 focal) agus **Cur Síos** (250 focal ar a mhéad).
- **Cur síos ar an tsraith** (suas le 600 focal), lena n-áirítear snáithe scéil Shéasúr 1, forbairt na bpríomhcharachtar, an domhan agus an acmhainn chruthaitheach na sraithe le haghaidh roinnt séasúr.
- **Eolaire na sraithe** (3–5 leathanach), lena n-áirítear an domhan, na príomhcharachtair, suíomhanna athfhillteacha, ton agus stíl na sraithe.
- **Script phíolótach** – an chéad 10–15 leathanach de script Chlár 1
- **Cur chuige teanga** (suas le leathanach amháin), lena n-áirítear úsáid na Gaeilge, canúintí (más ábhartha) agus ról na teanga sa scéalaíocht.
- **Cur chuige físiúil** (suas le leathanach amháin), lena n-áirítear ton, stíl agus tagairtí cruthaitheacha.
- **Cur síos ar an spriocluchT féachana**, agus ar an gcúis go mbeidh an tsraith ábhartha agus tarraingteach dóibh.
- **Sonraí faoin bhfoireann chruthaitheach**, lena n-áirítear an príomhscríbhneoir agus na príomhbhaill foirne.
- **Buiséad forbartha**, ag baint úsáid as teimpléad TG4.
- **Fianaise maidir le húinéireacht agus cearta** na sraithe.

## Maoiniú Forbartha

Roghnófar suas le trí **iarratas** chun maoiniú forbartha suas le **€25,000** an ceann a fháil.

Is é cuspóir an mhaoinithe seo tacú le forbairt na sraithe go dtí caighdeán atá réidh le haghaidh cinneadh coimisiúnaithe agus le haghaidh comhpháirtithe maoinithe eile a mhealladh.

Ní hionann maoiniú forbartha agus gealltanas go ndéanfar an tsraith a choimisiúnú.

Faoi dheireadh na tréimhse forbartha, táthar ag súil go mbeidh siad seo a leanas ar fáil:

- eolaire iomlán na sraithe;

- Script chlár 1
  Moltaí don Chliar
- Léiriú forbartha do Shéasúr 1;
- cur chuige físiúil agus ilardáin;
- **Plean forbartha agus maoinithe**, lena n-áirítear úsáid an mhaoinithe, na príomhchéimeanna forbartha agus deiseanna cómhaoinithe ar féidir iad a léiriú ar bhuiséad maoinithe féideartha
- **Cur chuige ilardáin**, ina léirítear an chaoi a ndéanfar forbairt ar shaol agus ar charachtair na sraithe ar Cúla4, Seinnteoir TG4 agus ardáin dhigiteacha eile.

## Forbairt na hEarnála

Tá Cúla4 agus TG4 tiomanta d'infheistíocht fhadtéarmach a dhéanamh chun drámaíocht Ghaeilge do dhaoine óga agus an chéad ghlúin eile de scríbhneoirí, stiúrthóirí, léiritheoirí agus tallann chruthaitheach na Gaeilge a fhorbairt.

Cuirfidh muid fáilte roimh iarratais ó chomhlachtaí léiriúcháin a bhfuil an taithí agus an uaillmhian acu sraith dhrámaíochta den chéad scoth a fhorbairt do lucht féachana óg.

Cuirtear fáilte ar leith roimh iarratais ó chomhlachtaí atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe na hearnála sna ceantair sin, lena n-áirítear Tír Chonaill, Ciarraí agus Múscraí.

Creidimid gur deis é an tionscnamh seo ní hamháin sraith nua a fhorbairt do Cúla4, ach chun infheistíocht a dhéanamh freisin i dtodhchaí na drámaíochta Gaeilge agus i bhfás earnáil chruthaitheach na Gaeilge ar fud na tíre.

Ní dhéanfar measúnú ar thograí mura bhfuil buiséad (ar teimpléad Buiséad TG4) & plean airgeadais mionsonraithe leo.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Méabh Fields (meabh.fields@tg4.ie) le haon cheisteanna.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ina dhiaidh sin ba chóir iarratais a dhéanamh roimh an spriocdháta trí '**Forbairt Drámaíochta Cúla4 2026**' a roghnú ón roghchlár anuas.

Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh atá tugtha caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Caithríona Ní Churraoin caithriona.nichurraoin@tg4.ie

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha.*

Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

Beidh cearta saoil trasardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*